An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Ciorclán 0028/2020

Chuig: An tÚdarás Ardoideachais le scaipeadh ar gach Institiúid Teicneolaíochta, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Acadamh Ríoga na hÉireann, Coláiste Oideachais Mhuire Gan Smál, An Coláiste Ealaíne agus Deartha agus Coláiste Naomh Angela

COVID-19

Socruithe sealadacha imlonnaithe do bhaill foirne áirithe

Cuspóir:

1. Is é is cuspóir leis an gCiorclán seo ná comhairle a chur ar na hInstitiúidí faoi bhaill foirne áirithe a imlonnú go sealadach do shuíomhanna difriúla oibre. Is é is cuspóir leis seo ná lena chinntiú go leanfar de sheirbhísí poiblí riachtanacha a sholáthar agus tá sé ar cheann den iliomad freagraí ón Rialtas agus ó na húdaráis sláinte ar na dúshláin gan fasach a bhaineann leis an bpaindéim reatha COVID-19.

Tosaíocht an Oideachais Leanúnaigh:

2. Is tosaíocht shoiléir san earnáil oideachais agus oiliúna é leanúnachas i seirbhísí oideachais, taighde agus tacaíochta riachtanacha a chinntiú d'fhoghlaimeoirí agus táthar ag déanamh dul chun cinn air seo trí bhealaí nua agus nuálacha oibre ar fud na hearnála.

3. Beidh ar bhainistíocht machnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr le baill foirne a imlonnú chun soláthar oideachais, taighde agus seirbhísí tacaíochta riachtanacha a éascú.

Socruithe Sealadacha Imlonnaithe:

4. Ní mór do gach seirbhíseach poiblí nach moltar dóibh féinleithlisiú a dhéanamh (toisc go ndeimhnítear iad nó go bhfuil siad ag fanacht le deimhniú gur cásanna COVID-19 iad) a bheith ar fáil le bheith ag obair chun seirbhísí a sholáthar ina bpost reatha nó le himlonnú sealadach laistigh den phobal seirbhíse i gcoitinne. Áirítear leis seo seirbhísigh poiblí a mholtar srian a chur lena ngluaiseachtaí agus obair ón mbaile, nó atá ag obair ón mbaile mar gheall ar dhúnadh. Maidir leis seo, leagann Ciorclán 0026/2020 amach socruithe oibre agus teidlíochtaí saoire a bhaineann le COVID-19.

5. Ní mór d'fhostóirí na baill foirne atá de dhíth a shainaithint anois chun soláthar riachtanach oideachais, taighde agus seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil do mhic léinn le linn na tréimhse dúnta. Áirítear leo sin léachtóirí agus gach ball foirne eile

.....

atá fostaithe sa tseirbhís phoiblí.

6. Agus é sin á dhéanamh acu, ba chóir d'Institiúidí pleanáil do theagmhais agus a fhios acu go bhféadfadh sé nach mbeidh líon ard ball foirne ábalta leanúint ar aghaidh ag obair ó tharla iad a bheith tinn.

7. Beidh aon bhall foirne nach gá iad a choinneáil chun seirbhísí oideachais, taighde agus seirbhísí tacaíochta riachtanacha a sholáthar, agus nár tugadh comhairle leighis dóibh féinleithlisiú a dhéanamh, ar fáil le himlonnú ar bhonn sealadach chun tacú le soláthar seirbhísí poiblí riachtanacha eile.

8. D'fhonn an t-imlonnú sealadach seo a chur i bhfeidhm, tá bunachar sonraí lárnach curtha i bhfeidhm ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) trí publicjobs.ie a aithneoidh baill foirne atá ainmnithe le haghaidh imlonnú sealadach ag an mbainistíocht agus a chuirfidh ar chumas soláthraithe seirbhísí riachtanacha tarraingt ar sheirbhísí na foirne sin.

9. Ní mór d'fhostóirí an nasc thíos a chur chuig baill foirne a shainaithin siad a bheith ar fáil le haghaidh imlonnaithe shealadaigh faoin **Aoine 3 Aibreán.**

Ceistneoir na Scéime Socrúcháin Sealadaigh

Féadfar glaoch ar bhaill foirne le haghaidh imlonnaithe de réir téarmaí Chiorclán 26/2020.

10. Nuair a gheobhaidh siad an nasc, iarrfar ar an mball foirne a gcuid sonraí a uaslódáil trí cheistneoir ar líne faoi **Máirt 7 Aibreán**. Is féidir an ceistneoir a líonadh isteach ar fhón póca, ar tháibléad nó ar ríomhaire glúine le go mbeidh sé éasca le húsáid agus tá faisnéis ann a bhaineann le UPSP, suíomh, grád, réimse oibre, sonraí faoi scileanna agus taithí etc.

11. Agus a gcuid sonraí uaslódáilte acu, ní mór don bhall foirne a Bhainisteoir Acmhainní Daonna a chur ar an eolas go bhfuil sé sin déanta aige/aici. I gcás nach bhfuair Bainisteoir AD an deimhniú seo ó bhall foirne ainmnithe faoi dheireadh an lae oibre Dé Máirt 7 Aibreán, ní mór don rannóg AD teagmháil a dhéanamh leis an mball foirne ainmnithe láithreach chun a chinntiú go gcuirtear a gcuid sonraí isteach de réir théarmaí an Chiorcláin seo.

12. Déanfaidh an SCP gach freagra ar an gceistneoir a bhailiú ar bhonn laethúil agus an t-eolas a thaifeadadh ar bhunachair sonraí lárnacha.

13. A luaithe agus a fhaightear freagraí ar an gceistneoir, féachfaidh an SCP lena chinntiú leis an Aonad AD ábhartha go bhfuil na baill foirne sin a líon isteach an ceistneoir go fóill ar fáil le haghaidh athimlonnaithe.

14. Ansin, cuirfear baill foirne atá ar fáil leis an mbunachar sonraí ábhartha le haghaidh athimlonnaithe shealadaigh chuig foras ábhartha. Ansin, féadfaidh soláthraithe seirbhísí criticiúla eile iarraidh ar bhaill foirne dualgais riachtanacha a chur i gcrích.

15. Déanfaidh an SCP scileanna na mball foirne atá ar fáil a chur chuig folúntais chuí agus cuirfidh siad tús le teagmháil a dhéanamh leo thar ceann an chomhlachta ábhartha, ag soláthar sonraí atá ar fáil faoina róil agus faoina suíomh oibre le haghaidh imlonnaithe shealadaigh.

.....

16. Cuirfidh an SCP bailchríoch ar an bpróiseas imlonnaithe shealadaigh i gcomhairle leis an bhfoireann atá ar fáil le haghaidh athimlonnaithe agus leis an gcomhlacht ábhartha agus tabharfaidh sé fógra don rannóg AD ábhartha nuair is infheidhme. Féadfaidh riachtanais ghrinnfhiosrúcháin Garda a bheith i bhfeidhm ag brath ar chineál an phoist a chuirfear an ball foirne chuige.

17. Níl cead ag aon bhall foirne aonair a chuid sonraí a uaslódáil in aon imthosca **chuig an suirbhé gan a bheith údaraithe ag a fhostóir nó ag an Rannóg AD.**

18. Beidh an Roinn ag obair i gcomhpháirtíocht leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) ar bhonn leanúnach maidir le sonraí agus staitisticí ardleibhéil a bhaineann le socruithe sealadacha athimlonnaithe a chomhroinnt.

19. Beidh gach ball foirne a lonnaítear go sealadach go fóill ina mbaill foirne den fhostóir reatha / bunaidh agus fanfaidh siad ar phárolla an fhostóra ar feadh ré a imlonnaithe shealadaigh. Sa chás go gcaithfidh an ball foirne saoire a thógáil le linn a imlonnaithe shealadaigh, ba cheart dóibh fógra a thabhairt dá fhostóir ar an ngnáthbhealach agus fógra a thabhairt dá mbainisteoir reatha i gcás a n-imlonnaithe shealadaigh.

20. Tá cóip de na Ceisteanna Coitianta a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le hImlonnuithe Sealadacha ar fud na Státseirbhíse agus Poiblí ar fáil ag www.per.gov.ie. Ba chóir an Ciorclán sin agus Ceisteanna Coitianta RCPA a léamh i dteannta le Ciorclán 0026/2020 na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le socruithe oibre agus saoire a bhaineann le COVID-19.

21. Tá an t-eolas is déanaí maidir le COVID-19, lena n-áirítear ciorcláin, ar fáil ag www.education.ie

22. Ba chóir ceisteanna faoi na socruithe sealadacha imlonnaithe a sheoladh chuig: temporaryassignment@publicjobs.ie

Tara Carton

Príomhoifigeach
Caidreamh Foirne Seachtrach
1 Aibreán 2020

.....